CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

# CLÁR NA FÉILE BEALTAINE

AIBREÁN-MEITHEAMH | APRIL - JUNE



zoom

# Focal ón Stiúrthóir

## Word from the Director



Tá Bealtaine linn, an tréimhse is bisiúla i dtimthriall an dúlra. Tá an t-aos ealaíon agus lucht léinn atá ag cur siamsaíochta agus ranganna ar fáil dúinn le linn shéasúr an tsamhraidh i mbarr a réime fosta.
Is bliain mhór í seo ag Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus is é '30 Bliain ag Fás' téama an taispeántais grianghrafadóireachta a thabharfas siar ar bhóithrín na smaointe sinn go 1991. Ba sa bhliain sin a fuair grúpa radacach Gael a raibh fís fhadtréimhseach acu na heochracha do Sheaneaglais Phreispitéireach an Bhealaigh Leathain agus bhunaigh siad Meánscoil Feirste. Beidh ócáid bhreá againn ar an 6 Bealtaine le ceiliúradh a dhéanamh ar an mhéid atá bainte amach ó shin agus beidh sraith léachtaí againn i mí Mheithimh a dhíríonn ar an phobal Phreispitéireach a bhí lonnaithe san fhoirgneamh, a tógadh in 1896.
Buíochas ó chroí le Ciste Oidhreachta an Chrannchuir Náisiúnta as a dtacaíocht leis na himeachtaí seo a chur ar siúl.
Tá an t-amharc-ealaíontóir Emma Berkery ag obair go díograiseach le tamall anuas ina stiúideo sa Chultúrlann agus tá lúcháir an domhain orainn a taispeántas, 'Sáite i Macallaí', a chur i láthair.
Tá ceolchoirm mhór na Bealtaine againn agus comhthogra litríochta agus ceoil, 'Mo Cheol Thú', le Máire Zepf agus beirt as Ceolfhoireann Uladh.
Seo téarma deireanach na bliana acadúla agus tá dul chun cinn iontach déanta ag na foghlaimeoirí. Gabhaim buíochas leis na múinteoirí a thacaigh leo feadh an bhealaigh go dtí seo.
Tá foireann na Cultúrlainne le moladh go hard as an obair mhór atá déanta acu le clár ilghnéitheach, spreagúil a chur ar fáil agus srianta na dianghlasála i bhfeidhm. Táimid buíoch dár maoinitheoirí flaithiúla as a dtacaíocht i gcónaí. Táimid ag dúil go mór le sibh a fheiceáil ag ár n-imeachtaí fíorúla ar líne agus le bualadh libh arís ar ais sa Chultúrlann roimh i bhfad.

Bealtaine is the season when nature reaches her zenith, and this is reflected in the entertainment and educational events our artists, performers, speakers and teachers are providing for us this summer.
It's a big year for Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. Join us on a stroll down memory lane in our photographic exhibition, '30 Bliain ag Fás/30 Years a Growing', to 1991, the year a group of radical, forward thinking Gaels got the keys to Old Broadway Church and established Meánscoil Feirste. We have a special launch on 6th May to celebrate, followed in June by a lecture series focused on the Presbyterian congregation who were the original custodians of the building, which was erected in 1896. Our thanks to The National Lottery Heritage Fund for their support in developing these events.
Visual artist Emma Berkery has been beavering away in her studio in An Chultúrlann in recent months, and we are thrilled to present her solo exhibition 'Sáite i Macallaí / Submerged in Echoes'.
Keep an ear out for our Bealtaine concert and the crossover literary and musical project, 'Mo Cheol Thú / Play Me a Story', with Máire Zepf and members of the Ulster Orchestra.
As we embark on the last term of the academic year, I congratulate all our learners on the leaps and bounds they've made, and thank our dedicated teachers who've helped them along every step of the way.
Gratitude, as always, for the kindness and support of our funders and the huge efforts of An Chultúrlann's staff in producing another inspiring, varied programme under lockdown conditions. We look forward to seeing you at our virtual events online and to welcoming you back into An Chultúrlann before too long.

**Gráinne Ní Ghilín**

## Teachtaireacht Maoinitheora

### Message from our funder

Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ar an fhód le 30 bliain anuas agus is doiligh saol na Gaeilge i mBéal Feirste agus in Éirinn trí chéile a shamhlú gan í ag an phointe seo. Ach tá éacht déanta acu le bliain anuas agus iad ag cinntiú go bhfuil pobal na Gaeilge ábalta freastal ar imeachtaí ar líne: ceardlanna, ceolchoirmeacha agus go leor eile, chomh maith le comórtais a reáchtáil agus cuimhní cinn a roinnt ar na meáin shóisialta.

Tá réimse leathan imeachtaí eagraithe arís acu don tréimhse idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh, imeachtaí ceoil, litríochta agus ealaíon. Beidh imeachtaí ann do gach duine, idir óg agus aosta agus gach réimse suime. Cé go bhfuil muid uilig ag súil le bheith ag freastal go fisiciúil ar imeachtaí arís, tá deis iontach anseo ag daoine ó gach cearn den tír agus den domhan freastal ar imeachtaí na Cultúrlainne.



D'oscail Cultúrlann McAdam Ó Fiaich sa bhliain 1991 agus feiceann muid anois, 30 bliain níos moille, torthaí an chinnidh sin. Tá na torthaí le feiceáil sa cheantar agus ar fud na cathrach. Beidh ócáidí ann leis an 30 bliain sin a cheiliúradh agus tabharfaidh sin deis dúinn cuimhneamh ar na céimeanna cróga a tógadh agus muid ag amharc chun tosaigh.

**Edel Ní Chorráin,**
**Leas-Phríomhfheidhmeannach,**
**Foras na Gaeilge**

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich was established 30 years ago and it is hard to imagine the Irish language community, both in Belfast and in Ireland, without it at this point. In the past year, they have, without doubt, accomplished great feats in making sure the Irish language community had an online service including but not limited to workshops, concerts, competitions and the sharing of memories across social media.

They have organised another wide range of events for the period between the months of April and June: music, literature and art events. There will be events for everyone, both young and old, catering for a wide range of interests. Although we are all looking forward to being able to physically attend events in the near future, this provides a great opportunity for people throughout the country and overseas to enjoy the Cultúrlann's programme. Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich first opened its doors in 1991 and we see now, 30 years later, the fruits of that decision throughout the area and the city. The celebratory events will provide us with the opportunity to remember those initial brave steps as we look to the future.

**Edel Ní Chorráin,**
**Deputy Chief Executive,**
**Foras na Gaeilge**

Aibreán | April

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Sáite i Macallaí \| Submerged in Echos: Emma Berkery** *01/04/21* | Na hAmharc- Ealaíona\| Visual Arts | Web |
| **Ceardaíocht na Cásca le Drithle** *02/04/21* | Óige & Teaghlaigh \| Youth & Families | Facebook, YouTube, Instagram |
| **Coirnéal an Cheoil le Conor Caldwell** *03/04/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Coirnéal an Cheoil le Diane Ní Chanainn** *10/04/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Téarma Nua \| New Term: Ióga le Dúnla** *13/04/21* | Pobal \| Community | zoom |
| **Clár Nua: Tionscadal Cumársáide \| Communications Project** *15/04/21* | Óige \| Youth | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil le Jack Warnock** *17/04/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **An Ciorcal Léitheoireachta: Makaronik le Dave Duggan** *19/04/21* | Litríocht \| Literature | zoom |
| **Téarma Nua \| New Term: Ranganna Amhránaíochta** *22/04/21* | Oideachas & Ceol \| Education & Music | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil leis 'An Corráiste'** *24/04/21* | Ceol \| Music | Facebook |

Bealtaine | May

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Coirnéal an Cheoil le Niamh Nic Ionnrachtaigh**<br>*01/05/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Acmhainn Foghlama: Bealtaine**<br>*01/05/21* | Óige \| Youth | Web |
| **Físeán Feasachta na Bealtaine**<br>*01/05/21* | Pobal \| Community | Facebook, YouTube, Instagram |
| **Seoladh Oifigiúil Cheiliúradh 30 Bliain**<br>*06/05/21* | Pobal \| Community | Facebook, YouTube |
| **30 Bliain ag Fás \| 30 Years a Growing**<br>*06/05/21* | Na hAmharc- Ealaíona\| Visual Arts | Web |
| **Ceolchoirm na Bealtaine**<br>*07/05/21* | Ceol \| Concert | Facebook, YouTube |
| **Coirnéal an Cheoil: Neil Ó Briain**<br>*08/05/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Coirnéal an Cheoil: John Tracey**<br>*15/05/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **An Ciorcal Léitheoireachta: Gráinne Gaiscíoch Gael le Siobhán Parkinson**<br>*17/05/21* | Litríocht \| Literature | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*22/05/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Mo Cheol Thú \| Play Me A Story** | Óige \| Youth | Facebook, Instagram |

Meitheamh | June

| Imeacht | Cineál Imeachta |
|---|---|
| **Coirnéal an Cheoil** *05/06/21* | Ceol \| Music |
| **Coirnéal an Cheoil** *12/06/21* | Ceol \| Music |
| **An Ciorcal Léitheoireachta** *14/06/21* | Litríocht \| Literature |
| **Acmhainn Foghlama: Sláinte** *16/06/21* | Óige \| Youth |
| **Coirnéal an Cheoil** *19/06/21* | Ceol \| Music |
| **Coirnéal an Cheoil** *26/06/21* | Ceol \| Music |
| **Léacht Shipboy McAdam \| Shipboy McAdam Lectue** *28/06/21* | Pobal & Oideachas \| Community & Education |




# AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

**www.anceathrupoili.com**




# BIA

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us!
Call us on **02890 964184.**



# Ceardaíocht na Cásca le Drithle

Bígí linn le haghaidh gníomhaíochtaí ceardaíochta na Cásca le Drithle! Tá na gníomhaíochtaí seo bunaithe ar ábhar a mbeidh teacht ag gach duine air sa teach!

Join us for Easter arts and crafts activities with Drithle! These activities will be based on materials that everyone can find at home!

**02/04/21**
**1pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Tionscadal Cumársáide do Dhaoine Óga – Podchraoladh

## Communications Project for Young People - Podcast

Beidh Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, i gcomhar le Create School, ag soláthar clár cumarsáide 5 seachtaine dírithe ar fhorbairt scileanna teicniúla ar nós léiriúcháin. Is é a bheas i gceist sa chlár ná meascán de sheisiúin bheo le Peter Baxter, Stiúrthóir Create School, agus gníomhaíochtaí as líne dírithe ar do phodchraoladh féin a chruthú sa bhaile. Bígí linn!

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, in partnership with Create School, will be running a five week communications project based on technical skills such as production. This course will take place through a blend of live sessions with the Director of Create School, Peter Baxter, and offline activities based on creating your own podcast at home! Join us.

**Cláraigh | Register: sinead@culturlann.ie**
**15/04/21 – 13/05/21**
**Aois | Age: 16+**




# Mo Cheol Thú!

## Play Me A Story!

Cad é mar a insíonn tú scéal fríd an cheol? Ag an údar Máire Zepf agus ag Ceolfhoireann Uladh atá freagra na ceiste sin. Éist leis na ceoltóirí agus iad ag insint scéal 'Rita' lena gcuid uirlisí. Agus ansin, beidh bhur sealsa ann, a pháistí. Beidh muid ar lorg scéalta agus pictiúr uaibhse agus cumfaidh an cheolfhoireann ceol le cur leis na cinn is ansa leo. Coinnígí súil ghéar ar na meáin shóisialta le haghaidh tuilleadh eolais faoin togra seo.
Comhthionscadal atá anseo idir Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Ceolfhoireann Uladh agus Quotidian – Word on the Street.

How do you tell a story through music? Find out in this project from the Ulster Orchestra and author Máire Zepf! Listen to the musicians telling a 'Rita' story with their instruments. And then it's over to you, children. We will be looking for your stories and pictures, and the musicians will compose music for their favourite ones. Keep an eye on our social media platforms for more information about this project.
This is a collaborative venture between Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, the Ulster Orchestra and Quotidian – Word on the Street.

Quotidian
ON THE STREET



## Acmhainn Foghlama na Bealtaine

San acmhainn speisialta seo, gheobhaidh tú an t-eolas ar fad atá uait ar an fhéile na Bealtaine, é léirithe i stíl a bheas oiriúnach do dhaoine óga. Beidh gearrscéal úr againn bunaithe ar an fhéile chomh maith le réimse de ghníomhaíochtaí bunaithe ar théama na bhFéilte Ceilteacha.

In this Learning Resource you'll find all the information you're looking for on the Festival of Bealtaine, presented in a style that is accessible for young people. There will be a new short story based on the festival as well as a wide range of activities based on the Celtic Festival Theme!

01/05/21

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Acmhainn Foghlama Sláinte

Chun tús a chur le Seachtain na Meabhairshláinte, beidh muid ag díriú ar ár gcorp agus ar ár n-intinn féin. Beidh gníomhaíochtaí fisiciúla againn, oidis shláintiúla, gníomhaíochtaí dírithe ar an mheabhairshláinte chomh maith le hábhar oideachasúil bunaithe ar an tsláinte choirp agus mheabhrach.

We're going to start Mental Health Week by focusing on our own bodies and minds. In this learning resource, there will be physical activities, healthy recipes, activities based on mental health as well as educational material based on our physical and mental health.

18/06/21

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## Sáite i Macallaí le Emma Berkery

### Submerged in Echos by Emma Berkery

Léiríonn Emma Berkery, ealaíontóir cónaitheach Chultúrlann McAdam Ó Fiaich, a saothar úrnua a chruthaigh sí anseo sa Chultúrlann. Agus í tumtha i saol agus i dteanga an fhoirgnimh, chruthaigh an t-ealaíontóir saothar ilmheán mar léiriú ar a taithí le linn na tréimhse seo. Áirítear sa tsaothar seo pictiúir theibí agus priontaí scáileáin téacsbhunaithe. Dúshlán a chuireann na pictiúir roimh an ealaíontóir agus an

lucht féachana araon agus rinneadh go leor acu le pailéad teoranta a chuirfeadh spásanna fisiciúla agus síceolaíocha i gcuimhne do dhuine. Cruthaíodh 'Sáite i Macallaí' le tacaíocht ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.



Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich Associate Artist, Emma Berkery, presents an exhibition of new work produced here in An Chultúrlann. Immersed in the life and language of the building, the artist has produced works in a variety of media which reflect her experiences during this time. Works include abstract paintings, and text-based screen prints. Challenging both artist and viewer, many of the paintings are produced with a limited palette and suggest both physical and psychological spaces. The production of 'Submerged in Echoes' is supported by the Arts Council of Northern Ireland.

**01/04/21 - 25/06/21**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




# Coirnéal an Cheoil

## The Music Corner

Bígí linn achan Satharn nuair a chraolfar beo scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus sháramhránaithe ar ár leathanach Facebook.

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians which will be streamed live on our Facebook page.

03/04/21 - Conor Caldwell
10/04/21 - Diane Ní Chanainn
17/04/21 - Jack Warnock
24/04/21 - An Corráiste
01/05/21 - Niamh Nic Ionnrachtaigh
08/05/21 - Neil Ó Briain
15/05/21 - John Tracey

**Tuilleadh le fógairt**
**More to be announced**
**1:00 - 1:45pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Físeán Feasachta na Bealtaine

Agus muid ag tarraingt ar shéasúr úr agus ar an fhéile ársa Cheilteach, Bealtaine, a thiteann amach leath bealaí idir cónocht an earraigh agus grianstad an tsamhraidh, is mór an pléisiúr dúinn ár gceathrú físean feasachta a chur faoi bhráid an phobail.

As we enter a new season and approach the ancient Celtic festival of Bealtaine, which takes place halfway between the spring equinox and summer solstice, it is with pleasure that we present our fourth video detailing the Bealtaine festival.

**01/05/21**
**7:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Seoladh ar Cheiliúradh 30 Bliain na Cultúrlainne

## Launch of Cultúrlann's 30 Year Celebration

1991-2021 CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND

Bígí linn nuair a chuireann muid tús oifigiúil le ceiliúradh 30 bliain ó bunaíodh Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. Bunaíodh An Chultúrlann sa tseanEaglais Phreispitéireach ag Broadway 30 bliain ó shin, in 1991, le cóiríocht a sholáthar don iar-bhunscoil lánGhaeilge, Meánscoil Feirste, a raibh naonúr daltaí aici ag an am agus a leathnaigh níos faide ná na ballaí seo ó shin agus rolla de 900 dalta aici anois. D'fhógair oscailt na Cultúrlainne tús le ré nua. Den chéad uair, bhí áit chruinnithe i rith an lae ag Gaeilgeoirí Bhéal Feirste agus ag Gaeilgeoirí níos faide ó bhaile. Bhog gnólachtaí éagsúla agus ealaíontóirí aonair isteach agus, go dtí an lá atá inniu ann, is mol cruthaitheach nuálach é an t-ionad do na healaíona, don chultúr, do sholáthar don óige, don bhreisoideachas agus don iriseoireacht. Cuirtear fearadh na fáilte inti roimh an phobal le sult a bhaint as na himeachtaí agus as cuideachta cairde, idir shean agus nua.

Join us as we officially begin Cultúrlann's 30 year celebration. An Chultúrlann was established in the old Broadway Presbyterian Church 30 years ago, in 1991, to provide accommodation for the newly established post-primary Irish medium school, Meánscoil Feirste, which at the time had 9 pupils and has since expanded beyond these walls with a roll of 900. The opening of An Chultúrlann heralded a new dawn. For the first time, Irish speakers in Belfast and from further afield had a place to gather during the day. Various enterprises and individual artists moved in and, to this day, the centre is a hub of creativity and innovation for the arts, culture, youth provision, further education and journalism. For the public, it is a warm, welcoming place to enjoy the events and company of friends, old and new.

**01/02/21**
**8:00pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Taispeántas: 30 Bliain ag Fás

### 30 Years a Growing

Déanann an taispeántas grianghrafadóireachta seo ceiliúradh ar 30 bliain bheoga de Chultúrlann McAdam Ó Fiaich i 2021! Ag tarraingt ónár gcartlann féin, ó chartlann Ghrúpa Meán Bhéal Feirste agus ó bhailiúcháin phríobháideacha an phobail, tugann an cnuasach ar líne seo de thríocha grianghraf léargas fíorshuimiúil ar stair agus ar oidhreacht na Cultúrlainne i gcaitheamh na mblianta.

This photographic exhibition celebrates 30 vibrant years of Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in 2021! Drawing from our own archive, that of the Belfast Media Group and private collections, this online compilation of thirty photographs gives an intriguing insight into the history and heritage of An Chultúrlann over the years.

**06/05/21 - 31/07/21**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

FÉASTA NA BEALTAINE


## Ceolchoirm na Bealtaine

Agus muid ag ceiliúradh fhéile na Bealtaine, féile an fháis agus na torthúlachta, chomh maith le tríocha bliain ó bunaíodh an Chultúrlann, is tráthúil dúinn an ceiliúradh sin a fhréamhú i dtraidisiún an cheoil atá lárnach i saol cultúrtha Bhéal Feirste agus níos faide i gcéin. I measc na gceoltóirí iontacha a bheas in éineacht linn agus ag seinm scoth a cheoil, beidh Conor Caldwell, Brighde Chaimbeul, Edel Ní Churraoin, Stephen Loughran, Deirdre Nic an tSionnaigh, Antóin Mac an tSionnaigh, Cathal ó Cuirín, Miadhach Luaghain ,Joe McArdle agus Rohan Jones.

As we celebrate the festival of Bealtaine (May), with its nourishing growth and fertility, along with the 30 years since Cultúrlann's inception, it is timely that we celebrate through the tradition of music that is central to the cultural fabric of Belfast and further afield. Amongst the fantastic musicians joining us and providing an evening of beautiful music, we'll welcome Conor Caldwell, Brighde Chaimbeul, Edel Ní Churraoin, Stephen Loughran, Deirdre Nic an tSionnaigh, Antóin Mac an tSionnaigh, Cathal ó Cuirín, Miadhach Luaghain, Joe McArdle Rohan Jones.

**07/05/21**
**8:30pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




# Sraith Léachtaí Shipboy McAdam

## The Shipboy McAdam Lecture Series

Cuirfear tús le sraith léachtaí Shipboy McAdam le 30 Bliain na Cultúrlainne a chomóradh.
Cuirfear síos ar na daoine stairiúla a bhfuil Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ainmnithe ina gcuimhne agus faoi obair mhór na bPreispitéireach agus na ndíograiseoirí ar mhaithe le caomhnú agus forbairt na Gaeilge i mBéal Feirste agus ar fud na tíre.

We're excited to introduce the Shipboy McAdam lecture series to celebrate 30 years of Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. Learn all about the historic figures who give their names to An Chultúrlann and Presbyterians and Irish language enthusiasts' contribution to the language in Belfast and throughout the country.

**Ag tosú|Beginning: 28/06/21**
**Ar líne|Online**



# Muintearas Filíochta

## Belonging through Poetry

Agus muid ag iarraidh tógáil ar rath an chéad chomórtais filíochta anuraidh, d'fhógair muid go gcuirfí fáilte roimh dhánta ó gach cearn den tír. Ó shin i leith, tá saothar filíochta den scoth faighte againn a thugann ardmhisneach dúinn. Tá an togra seo ag dul ar aghaidh i rith an ama agus is féidir bhur ndánta a sheoladh chuig **caoimhin@culturlann.ie**

Cuirfear amach ar ardáin éagsúla na Cultúrlainne iad.

Building on our hugely successful poetry competition, we invited poems to be sent in from all over the country. We have been overwhelmed by the volume and quality of the material submitted. Keep them coming!

You can forward your poems to **caoimhin@culturlann.ie**

They will be shared across our social media platforms.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Ranganna Amhránaíochta

## Sean-nós Singing Classes

Tá ranganna amhránaíochta na Cultúrlainne ar na bacáin arís! Dírítear go príomha ar amhráin Ghaeilge ar an sean-nós arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 10 seachtaine.

Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg ach teagmháil a dhéanamh le **fionnuala@culturlann.ie**

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 10 weeks.

You can register or get more info by contacting **fionnuala@culturlann.ie**

**22/04/21**
**6.00pm (2x seisiún 40 bom | 2x 40 minute sessions)**
**10 seachtaine | 10 weeks**
**Saor in aisce | Free**

zoom



# Ióga le Dunla

## Yoga with Dunla

Breathnaíonn an rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá an rang dátheangach seo foirfe do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.

This bilingual class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.
Clárú | Registration:
**fionnuala@culturlann.ie**

**Ag tosú | Beginning: 13/04/21**
**7.00pm**
**10 Seachtaine | 10 Weeks**

zoom



# Leideanna Foghlama


## Hints for Learning

Áis bhreise dóibh siúd atá ag foghlaim na Gaeilge, dírithe ar óg agus ar aosta. Tá an-ráchairt ar na postálacha seo, go háirithe i measc daoine a bhfuil páistí óga ar Ghaelscoileanna acu.

An additional resource for those of you learning Irish, both young and old. These posts have gained huge traction recently, especially among parents with children at Gaelscoileanna.

**Dé Máirt agus Dé hAoine 10am**
**Tuesday and Friday at 10am**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# An Ciorcal Léitheoireachta

## Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, déan teagmháil le Fionnuala le clárú. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, contact Fionnuala to register. Fáilte roimh achan duine.

19/04/21: Makaronik le Dave Duggan
17/05/21: Gráinne Gaiscíoch Gael  le Siobhán Parkinson
14/06/21: Tuilleadh eolais le teacht | Further information to follow

**Déan teagmháil le fionnuala@culturlann le clárú agus le tuilleadh eolais a fháil.**

zoom

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH

## Na Meáin Shóisialta

### Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil. Coinnígí i dteagmháil linn agus bígí cinnte bhur bhfíseáin agus bhur ngrianghraif féin a roinnt linn más rud é go mbíonn sibh ag cleachtadh d'Airneál na nÓg sa bhaile, ag leanstan ceachtanna ealaíne Dhrithle, nó fiú ag baint sult as na ceolchoirmeacha ar líne sa bhaile! Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus sibh ag fanacht slán sábháilte sa bhaile i láthair na huaire.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained. Please keep in contact with us and send us your pictures and videos from home if you are practising with our music school, following Drithle's online art classes or even just relaxing and enjoying the concerts at home! We'd love to hear from you as you stay safe and sound at home.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN

M^c^ADAM Ó FIAICH

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND

Foras na Gaeilge

arts council LOTTERY FUNDED

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

An Roinn Pobal